Gaelscoil Moshíológ, An Chraobhach, Bth. Charn an Bhua, Guaire, Co. Loch Garman
www.facebook.com/GaelscoilMoshíológ www.gaelscoilmoshiolog.com
Guthán: 053 9484028 Ríomhphoist: eolasgm@gmail.com

Tag:/Re: Polasaí um Úsáid Substaintí.

Polasaí um Úsáid Substaintí

Ráiteas Tosaigh

Baineann an polasaí seo le daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí agus úsáideoirí láthair scoile Ghaelscoil Moshíológ. Baineann sí le ham scoile mar aon le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil. Baineann sé freisin le gach imeacht/ócáid a bhíonn ar siúl sa scoil taobh amuigh d'am scoile.

Gaolmhaireacht le Misean/Fís/Aidhmeanna na Scoile

Fealsúnacht na Scoile

Cabhróidh an polasaí seo leis an scoil:

- Timpeallacht shuaimhneach, eagraithe, mhothálach, shona agus shábháilte a chothú sa scoil ina ndéanfar cúram d'fhorbairt intleachtúil, fisiceach, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta an pháiste.
- an Ghaeilge a bheith mar theanga lárnach sa phróiseas foghlama, mar theanga teagaisc agus mar mheán cumarsáide
- Béim faoi leith a chur ar an gcultúr Gaelach.
- Dearcadh dearfach i leith na foghlama a chothú sna daltaí agus a chur ar a gcumas foghlaim neamhspleách a dhéanamh
- iompar dearfach, sláintiúil, sábháilte agus freagrach a spreagadh i gcónaí.
- Atmaisféar a chothú sa scoil a spreagann an dalta a bheith neamhspleách, caoinfhulangach, cineálta, muiníneach agus comhoibritheach.
- Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i gcomhoideachas na bpáistí a spreagadh, trí deiseanna a thabhairt dóibh a bheith lánpháirteach i gcur chun cinn agus i bhforbairt na scoile trí Choiste na dtuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta.
- An freastal céanna a dhéanamh ar phobal uile na scoile (daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí) i ngach gné de shaol na scoile.

Fís na Scoile

Forálann an tAcht Oideachais 1998 go mba chóir do scoileanna forbairt shóisialta agus phearsanta mic léinn a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh. I dtaca leis seo creidtear go bhfuil ról ag an scoil cuidiú le na daltaí a bheith feasach faoi smacht agus freagracht a ghlacadh ar a gcuid sláinte féin. Is mian le Gaelscoil Moshíológ:

- Timpeallacht shábháilte, shláintiúil a chur ar fáil
- Iompar dearfach, freagrach, sábháilte a spreagadh i gcónaí.
- Eolas na ndaltaí maidir lena sláinte féin a mhéadú
- Forbairt a dhéanamh ar fhéin-mhuinín agus ar fhéin-mheas na daltaí.
- Forbairt a dhéanamh ar scileanna maithe idirphearsanta
- Béim a chur ar éisteacht ionas go mbeidh na daltaí in ann éisteacht go haireach agus go tuisceanach
- Cúram cuí a dhéanamh de gach gné den churaclam : an Ghaeilge agus an Béarla; Matamaitic; Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta; Oideachas Ealaíon; Corpoideachas; Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte; agus Oideachas Reiligiúnach.
- Ardchaighdeán iompair a lorg trí chinntiú go mbíonn na daltaí i gcónaí séimh agus béasach le daltaí eile, le múinteoirí eile agus le cuairteoirí, ionas go mbeidh atmaisféar deas comhoibritheach sa scoil. (féach cód smachta)
- Go mbainfidh na daltaí amach an caighdeán is airde de réir a gcumais féin.
- Suíomh a chruthú inar féidir leis na daltaí iad féin a chur in iúl trí mheáin dhifriúla – mar shampla ceol, ealaín, spórt, rince, drámaíocht srl.

Réasúnaíocht

Cinneadh an polasaí seo a chur le chéile tar éis do bhaill d'fhoireann in-bhainistíochta na scoile freastal ar chúrsaí inseirbhíse a bhain le hábhar OSPS. Tuigeann foireann Ghaelscoil Moshíológ an tábhacht a bhaineann leis an bpolasaí seo i gcomhthéacs an churaclaim OSPS. Agus an polasaí seo á chur le chéile, tugadh na pointí seo a leanas san áireamh:

- Is beartas Rialtais anois an Straitéis Náisiúnta Drugaí 'Ag Tógáil ar an Taithí' agus cuireann sé ar scoileanna beartas um úsáid substaintí a chur i bhfeidhm.
- Cuireann an saol atá ann i láthair na huaire go leor dúshlán roimh dhaltaí agus bíonn tionchar ag na dúshláin seo ar a sláinte agus ar a bhfolláine. Is cuid den réaltacht sin alcól, tobac agus as drugaí bheith lena n-ais. Ní mór do scoileanna comhthuiscint ar an téarma 'druga' a fhorbairt, stádas aontaithe a chothú chun ceisteanna a bhaineann le drugaí a fhreagairt agus déileáil le fadhbanna a bhaineann le mí-úsáid substaintí ar an mbealach ceart i gcomhréir leis na freagrachtaí reachtúla
- Forálann an tAcht Oideachais 1998 go mba chóir do scoileanna forbairt shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh.
- Léirítear sa tuarascáil ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí dar teideal 'Cosc ar Úsáid Dhrugaí' an tábhacht a bhaineann le polasaithe drugaí a fhorbairt i scoileanna.

Aidhmeanna an Pholasaí

- Beatha, cúram agus aire gach duine óg a chinntiú mar atá leagtha síos san Acht Oideachais 1998 agus san Acht (Leasa) Oideachais, 2000.
- A chinntiú go gcloítear le riachtanais reachtaíochta agus prionsabail dea-chleachtas.

- Cur leis an gclár OSPS ó thaobh oideachais agus cosanta de.
- Na contúirtí a bhaineann le daltaí maidir le húsáid substaintí agus na contúirtí a bhaineann le húsáid drugaí taobh istigh de scoileanna/den phobal a laghdú.
- Maoirseacht chuí a dhéanamh ar eachtraí a bhaineann le húsáid drugaí.
- Tacú le tuismitheoirí agus daltaí déileáil le húsáid drugaí.

Sainmhíniú ar cad is druga ann?

Is é is druga ann, ceimiceán ar bith a athraíonn an chaoi a n-oibríonn an corp agus conas mar a iompraíonn an duine í/é féin mar aon lena chuid m(h)othúcháin

Ábhar an Pholasaí

Tá clár an pholasaí roinnte ina thrí chuid:
1. Oideachas ag baint le úsáid substaintí
2. Bainistíocht ar eachtraí bainteach le alcól, tobac agus drugaí
3. Soláthar do thraenáil agus forbairt foirne

1. Oideachas ag baint le húsáid Substaintí:

Glactar leis i measc oideachasóirí gur trí mhúineadh OSPS, sa Churaclam scoile, a thugtar an tuiscint is fearr do dhaltaí faoi alcól, tobac agus drugaí. I nGaelscoil Moshíológ cuirtear oideachas, faoi alcól, tobac agus drugaí, ar fáil i gcomhthéacs leathan tríd an gClár OSPS taobh istigh de thimpeallacht thacúil na scoile uile. Anois is arís tabharfar saineolaithe ón gcomhphobal chun na scoile m.sh. tuismitheoirí, altra, garda, oibrí sóisialta, cuiditheoir ón Roinn Oideachais/ Sláinte, nuair is féidir, chun cur leis an obair a dhéantar sa rang. Sa chás seo beidh caint agus obair an chuairteora seo i gcónaí faoi stiúir an mhúinteora ranga.

2. Bainistíocht ar eachtraí bainteach le alcól, tobac agus drugaí

Tobac - Polasaí Scoile

- Níl cead tobac a chaitheamh in áit ar bith ar áitreabh na scoile.
- Níl cead ag daltaí, baill foirne, tuismitheoirí nó cuairteoirí chun na scoile toitíní a chaitheamh ar láthair na scoile nó in áit ar bith ar áitreabh na scoile.
- Níl cead ag daltaí toitíní a thabhairt ar scoil nó iad a iompar nó a láimhseáil.
- Má bhíonn toitíní ag dalta nó má bhíonn siad ag caitheamh sa scoil, ar áitreabh na scoile nó ag imeachtaí eile a bhfreastalaímid orthu mar scoil, cuirfear chuig an bpríomhoide é/í agus cuirfear an scéal sin in iúl dá t(h)uismitheoirí.
- Mar eiseamláirí iompair do na daltaí is gá do mhúinteoirí a chinntiú nach bhfuil toitíní /boscaí toitín le feiceáil ag na páistí in áit ar bith ar áitreabh na scoile. Tuigtear leis seo go bhfuil cosc iomlán ar chaitheamh tobac ag ócáid ar bith scoile a mbíonn na daltaí ag freastal uirthi.
- Is mar an gcéanna na rialacha seo do chuairteoirí chun na scoile.

Alcól - Polasaí Scoile

- Níl cead ag daltaí alcól a thabhairt isteach sa scoil, alcól a ól ar scoil nó i rith imeachtaí scoile.

- Má cheapann múinteoir go bhfuil alcól glactha ag dalta, inseoidh sé/sí don Phríomhoide ar an bpointe agus socrófar cad ba chóir a dhéanamh ansin.
- Má thagann dalta ar scoil tar éis alcól a ghlacadh, cuirfear glaoch ar a t(h)uistmitheoirí láithreach chun é/í a thabhairt abhaile.
- Leanfar Cód Smachta na scoile i gcásanna go mbristear na rialacha seo.
- Má mhothaíonn ball foirne go bhfuil tuismitheoir faoi thionchar alcóil agus iad ag bailiú páiste, glaofar ar an bpríomhoide chun cinneadh a dhéanamh faoi chúram an pháiste

Drugaí Aindleathach agus Tuaslagaithe - Polasaí Scoile

- Níl cead ag daltaí drugaí aindleathach nó tuaslagaithe, a bheith acu nó a úsáid ar láthair na scoile.
- Má fhaightear drugaí aindleathach nó tuaslagaithe ar láthair na scoile ba chóir iad a chur faoi ghlas in áit shábháilte agus glaoch a chur ar na Gardaí teacht chun fáil réidh leo. Moltar nach mbogfadh múinteoir substaintí aindleathach riamh.
- Má mhothaíonn múinteoir go bhfuil dalta faoi thionchar drugaí nó tuaslagaithe déarfaidh sé/í leis an bPríomhoide láithreach agus pléifear cad é an chéad céim eile dóibh.
- Má bhíonn ceist ar bith faoi thráchtáil drugaí aindleathach, cuirfear an scéal faoi scrúdú. Inseofar do thuismitheoirí faoin dalta atá i gceist. Lorgófar comhairle agus cabhair ó Oifigeach Caidrimh na nÓg sna Gardaí.
- Beidh Bord Bainistíochta na scoile ag súil go n-inseoidh tuismitheoirí don Phríomhoide nó don mhúinteoir má tá amhras orthu go bhfuil a bpáiste ag glacadh drugaí.
- Má mhothaíonn ball foirne go bhfuil tuismitheoir faoi thionchar dhrugaí agus iad ag bailiú páiste, glaofar ar an bpríomhoide chun cinneadh a dhéanamh faoi chúram an dalta.

Riaradh Leighis - Polasaí Scoile

Féach Polasaí Garchabhair agus Leighis/Daltaí a bhfuil fadhbanna sláinte fadtréimhseacha acu.

3. Soláthar do Thraenáil agus Forbairt Foirne

- Cúrsaí Inseirbhíse OSPS do mhúinteoirí.
- Déanfaidh an Bord Bainistíochta a chinntiú go gcuirtear Oiliúint Gharchabhrach ar fáil do bhaill foirne ar bhonn rialta.
- Cúrsa in-seirbhíse OSPS le bheith déanta ag gach múinteoir nó clúdaithe mar chuid den chúrsa oiliúna tosaigh
- Gach ball foirne le bheith ar an eolas faoin Acht Mí-Úsáid Drugaí 1977 agus 1984.
- Tuiscint ar an Dlí maidir le scoileanna agus drugaí.

An Clár Feidhmiúcháin

Is tríd an gclár 'Misneach' a úsáid sa scoil a dhéanfar iniúchadh ar na cuspóirí seo a leanas:

- Forbairt ar thimpeallacht agus ar chultúr scoile a thaispeánann meas do ghaolta idirphearsanta agus a chuireann luach orthu.
- Cabhrú le páistí a luach féin agus luach daoine eile a aithint.
- Cabhrú le páistí freagracht a ghlacadh dóibh féin agus do dhaoine eile.

- Gníomhaíochtaí taitneamhacha agus sláintiúla a chur ar fáil ionas go leanfaidh na daltaí ar aghaidh leo amach anseo.
- Clár OSPS struchtúrtha a chur ar fáil ina bhfuil cosc ar mhí-úsáid substaintí mar bhunchloch.
- Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí leochaileacha.
- An comhoibriú idir scoil, tuismitheoirí agus an pobal chun déileáil le cosc ar mhí-úsáid substaintí a láidriú

Is é féin mhuinín an bunchloch de chlár "Misneach" agus déanann na cláir ranga iarracht féinmhuinín an dalta a fhorbairt. Bíonn sé níos éasca do dhaltaí a mbíonn ard-fhéinmhuinín acu seasamh i gcoinne deiseanna nó tairiscintí drugaí a mhí-úsáid, rogha ciallmhar a dhéanamh maidir le sábháilteacht phearsanta agus gaolta pearsanta sláintiúla a choimeád beo.
Tosaíonn ábhar a bhaineann go háirithe le húsáid substaintí ag rang a haon sa chlár 'Misneach'.

An Clár 'Misneach' (2016)

Rang a hAon: Bheith sábháilte

- Rialacha maidir le cógais

Rang a Dó: Ag tabhairt aire dár gcorp

- Ár gcorp iontach
- Mo chroí agus mo scamhóga
- M'inchinn
- Tá gá ag mo chorp le cineálacha éagsúla bia
- An iomarca den dea-rud
- Is drugaí cumhachta iad cógais
- Instealltaí

Rang a Trí: Sábháilteacht agus Cosaint

- Cé a rinne an botún?
- Iniúchadh sábháilteachta don naíonán
- Ag éirí níos freagraí
- An baol toitíní a chaitheamh
- An baol alcól a ól
- Bíonn gá ag daoine fásta le rialacha uaireanta

Rang a Ceathair: Aire do mo Chorp

- Agus mé ag fás aníos is féidir liom a fhoghlaim conas aire a thabhairt dom féin
- Glan agus sláintiúil
- Roghanna bia
- Mo smaointe a choinneáil sláintiúil
- Cad is druga ann?
- Contúirtí an alcóil
- Contúirtí tuaslagóirí

Rang a Cúig: Ag tabhairt aire do mo chorp

Roinn A: Sláinte agus Folláine

- Iompar sláintiúil agus míshláintiúil

- Ag déileáil le buairt agus le teannas: lig do scíth
- Cad is druga ann?
- Tionchair agus Roghanna
- Tobac agus a iarmhairtí
- Alcóil agus a hiarmhairtí
- Substaintí contúirteacha
- Cabhair/Cúnamh agus an Pobal

Sábháilteacht agus Cosaint:

- Cógais
- Suíomhanna contúirteacha a láimhseáil
- Sábháilteacht le substaintí
- Ag fanacht slán
- Timpistí a sheachaint

Rang a Sé: Ag tabhairt aire do mo chorp

Roinn A: Sláinte agus Folláine

- Iompar sláintiúil agus míshláintiúil
- Ag foghlaim conas déileáil le buairt
- Na fáthanna a nglacann daoine le drugaí
- Áiteanna contúirteacha – roghanna contúirteacha
- Spleáchas agus andúil
- Cabhair/cúnamh agus an pobal

Sábháilteacht agus Cosaint

- Cógais
- Rioscaí a thógáil?
- Ag fanacht slán
- Timpiste/eachtra a sheachaint
- Cúram le substaintí

Róil agus Freagrachtaí

Ba mhaith leis an scoil bheith soiléir go luíonn príomhfhreagracht i dtaobh cosc ar mhí-úsáid substaintí leis na tuismitheoirí ach go dtacaímid leo trí oideachas a chur ar na páistí ar na bealaí éagsúla atá luaite sa pholasaí seo.
Cumadh an polasaí seo de bharr riachtanas a leithéid a bheith ar fáil sa scoil. Cuireadh le chéile an polasaí le cabhair ó ionadaithe ón mBord Bainistíochta, múinteoirí, agus tuismitheoirí. Beidh sé á chur i bhfeidhm agus á mheas ag na páirtithe thuasluaite freisin.
Is gá go léitear é mar aon le Cód Iompair na scoile. Beidh an polasaí seo ar fáil do mhúinteoirí, Bord Bainistíochta, foireann tacaíochta, Coiste na dTuismitheoirí agus aon bhall, nó grúpa eile, a mbíonn seomra sa scoil ar cíos acu. Foilseofar an polasaí freisin ar shuíomh ghréasáin na scoile www.gaelscoilmoshiolog.com

Critéir Rathúlachta

Beidh a fhios againn má tá an polasaí seo ag dul i bhfeidhm go héifeachtach má:

- bhíonn ullmhúchán, pleanáil agus múinteoireacht na múinteoirí bunaithe ar an bpolasaí seo.
- bhíonn an cur chuige leagtha síos sa pholasaí seo úsáidte go seasta.

Beidh a fhios againn má tá na haidhmeanna bainte amach againn má:

- bhíonn na daltaí in ann a bheith féinmhuiníneach agus ard féinmheas a bheith acu
- bhíonn daltaí ag forbairt freagracht pearsanta
- chothaítear tuiscint sna daltaí ar shlí beatha sláintiúil, cumas iontu tabhairt faoi agus toilteanas iontu a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chothaíonn sláinte an duine.
- chothaítear tuiscint 'sna daltaí ar shábháilteacht, conas iad féin a choimeád sábháilte agus conas iad féin a chosaint ó bhaol.
- cinntí a dhéanamh, fadhbanna a réiteach agus gníomhartha oiriúnacha éagsúla a thógáil, bíodh siad i gcomhthéacs pearsanta, sóisialta nó sláinte
- éiríonn na daltaí feasach faoi agus géarchúiseach mar gheall ar na tionchair éagsúla ar roghanna agus cinntí.

Daingniú agus Cumarsáid

Cuireadh an polasaí faoi bhráid na múinteoirí, Choiste na dTuismitheoirí agus an Bhoird Bhainistíochta. Rinneadh an polasaí seo a fhaomhadh ar 14/09/2021.

Dáta um Chur i bhFeidhm

Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm 20/09/2021.

Athbhreithniú

Beidh an polasaí seo á mheas go rialta agus á huasdátú nuair is gá.
Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo.

Sínithe: Melanie Ní Dhuinn Dáta 20/09/2021.
Cathaoirleach

Sínithe: Carol Scott Dáta 20/09/2021
Príomhoide